# Gaelscoil Éadan Doire
# Próiseas Gearáin Athbhreithnithe 2017

Tá an-bhéim i nGaelscoil Éadan Doire ar chairdeas, meas agus comhoibriú. Cuidíonn gach duine lena chéile agus oibrionn gach duine go dian dícheallach ar son na bpáistí.
Ach bíonn gearáin ó am go ham agus tá se tábhachtach go dtuigeann gach duine an próiséas. Tá an polasaí seo ag luí leis an gcomhad 'Working Together' a d'fhoilsigh an INTO sa bhliain 2000 agus leis na nósanna imeachta atá comhaontaithe go náisiúnta chun déileáil le deacrachtaí agus gearáin ag leibhéal na scoile.

**Seo an próiseas atá le leanúint má bhíonn gearáin ag tuismitheoir faoi mhúinteoir nó rud atá ag tarlúint sa rang:**

**Céim 1:** Déantar coinne agus téann an tuismitheoir chuig an **múinteoir ranga** chun iarracht a dhéanamh an gearán a réiteach.

**Céim 2:** I gcás nach bhfuil an gearán réitithe leis an múinteoir ranga déantar coinne le bualadh leis an **bpríomhoide** chun iarracht a dhéanamh an gearán an réiteach.

**Céim 3:** I gcás nach bhfuil an gearán réitithe leis an bpríomhoide déantar coinne le bualadh leis an **gCathaoirleac**h chun iarracht a dhéanamh an gearán a réiteach.

**Céim 4:** Mura bhfuil an gearán réitithe ag an bpointe seo is féidir leis an tuismitheoir an gearán a chur i scríbhinn chuig an gCathaoirleach don Bhord Bhainistíochta. Déanann an Cathaoirleach gach iarracht an gearáin a réiteach leis an múinteoir taobh istigh de chúig lá.

**Céim 5:** Mura bhfuil an gearán réitithe go neamhfhoirmiúil tugann an cathaoirleach cóip den gearáin scríofa chuig an múinteoir agus eagraítear cruinniú leis an Múinteoir, an príomhoide agus an cathaoirleach taobh istigh de deich lá chun iarracht a dhéanamh an gearán a réiteach.

**Céim 6:** Mura bhfuil an gearáin réitithe ag an bpointe seo cuireann an cathaoirleach an gearáin os comhair an bhoird Bainistíochta agus leanann siad leis an bpróiseas.

**Féadfaidh le duine ar bith gearáin a dhéanamh chuig an gComhairle Múinteoireachta maidir le Múinteoir cláraithe. Déanfar na gearáin uile a bhreithniú i gcomhréir le hAchtanna na Comhairle Múinteoireachta, 2001-2015 agus leis na nósanna imeachta agus rialacha atá faofa ag an gComhairle.**

**Gearáin faoin bPríomhoide- déanta ag tuismitheoirí**

Déileálfaidh an Príomhoide go díreach le gearáin ó thuismitheoirí agus ó dhaltaí sa chéad áit, chun an gearán a réiteach go neamhfhoirmeálta agus go cairdiúil más féidir (Céim 1).

Má tá an gearánaí fós mí-shona nó má mhothaíonn sé/sí gur pléadh leis an ngearán ar bhealach mí-chothrom, féadfar an gearán a chur i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta (Ceim 2)

**Gearáin faoi mhúinteoirí ó dhaltaí**

- Má dhéanann dalta gearán faoi mhúinteoir le múinteoir eile, rachaidh an múinteoir (sin) a rinneadh an gearán leo i dteagmháil le múinteoir an dalta. Déanfaidh múinteoir an dalta cinneadh ansin an cás a láimhseáil é/í féin nó é a chur ar aghaidh chuig an bpríomhoide. I ngach cás, caithfear an príomhoide a chur ar an eolas faoin ngearán agus caithfidh an múinteoir agus an príomhoide taifead scríofa a choinneáil den ghearán.
- Má dhéanann dalta gearán faoina m(h)úinteoir leis an bpríomhoide, éistfear leis, coinneofar nótaí de, agus míneofar leis an dalta go labhróidh an príomhoide leis an múinteoir ranga chun an cás/fhadhb a réiteach. I ngach cás, tar éis don phríomhoide imscrúdú a dhéanamh agus an gearán a phlé leis an múinteoir agus an dalta, má cheapann an príomhoide go bhfuil an gearán mícheart nó go raibh sé díoltasach ar pháirt an dhalta, tá seans ann go dtabharfar cuireadh chuig tuismitheoirí/caomhnóirí an dalta chun na scoile chun an gearán a phlé.

**Gearáin faoi CRS**

- Rachaidh an múinteoir ranga i ngleic le gearáin atá déanta ag tuismitheoirí faoi chúntóir riachtanais speisialta agus déanfar gach iarracht an deacracht a réiteach go caoimhiúil.
- Má tá gearán le déanamh faoi chúntóir riachtanais speisialta ag an múinteoir ranga, rachaidh an múinteoir féin i ngleic leis trí theagmháil a dhéanamh leis an gcúntóir faoin bhfadhb chun teacht ar réiteach. Muna thagann said ar réiteach sásúil, cuirfear an príomhoide ar an eolas faoi.

**Gearáin faoi daltaí**

Má tá gearáin ag tuismitheoir faoi dhalta eile is gá dóibh an gearáin a chuir in iúl don mhúinteoir ranga i dtús báire, agus an príomhoide ansin más gá mar atá leagatha amach sa chód iompair agus sa pholasaí frith bhulaíochta. NÍL CEAD ag tuismitheoir dul chun cainte leis an dalta iad féin.

Má ta gearáin ag daltaí faoi dhaltaí eile is é/í an múinteoir ranga a dhéanann deighleáil leis agus an príomhoide más gá.

**Gearáin ag Múinteoirí faoi Thuismitheoirí**

Is gá do na múinteoirí an próiséas oifigiúil a leanúint trí gearáin a dhéanamh leis an bpríomhoide ar dtús. Muna bhfuil an múinteoir sásta le freagra/moladh an phríomhoide is féidir leo dul ar aghaidh go Céim a 2- Litir a scríobh chuig an Bord Bainistíochta.

**Gearáin faoin bhfoireann neamhtheagaisc; mhúinteoirí ionaid/ionadaithe**
Cuirfear an príomhoide ar an eolas faoin ngearán agus rachaidh an príomhoide díreach i dteagmháil leis an mball foirne nó an múinteoir ionaid chun teacht ar réiteach.

**Gearáin faoi chuairteoirí a thagann chun na scoile**

- Mar gheall ar chuairteoirí a thagann chun na scoile, (mar shampla déagóirí ar thaithí oibre, mac léinn ar chleachtadh múinteoireachta, cuairteoirí ó ghníomhaireachtaí eile) cuirfidh an gearánach an príomhoide ar an eolas faoin ngearán ar an gcéad dul síos.
- Muna thagtar ar réiteach ag an stad seo, cuirfear comhlacht bainistíochta an chúirteora ar an eolas faoin ngearán chun teacht ar réiteach na faidhbe.

**Coimhlint Inmheanach**

Faoi réir misean agus éiteas na scoile, déanfaidh baill foirne gach iarracht coimhlint inmheánach/ eachtraí atá gaolta leis an gcoimhlint seo, a shocrú ar bhonn cairdiúil idir na páirtithe i gceist. Má theipeann ar an bpróiseas seo áfach:

- Feidhmeoidh ionadaí foirne INTO/CMÉ mar liaison idir baill foirne nó idir an fhoireann agus an bhainistíocht, sna cásanna seo.
- Déanafar clárú ar an bhfadhb agus déanfar teangabháil leis na páirtithe ata i gceist.
- Éisteofar le gach éinne agus léireofar meas orthu.
- Déanfaidh gach duine i gceist iarracht teacht ar réiteach na faidhbe agus bogadh ar aghaidh
- Usáidfar idirghabhailí neamhspleách leis an coimhlint a réiteach más gá.
- Muna bhfuil teacht ar réiteach leanfar an próiséis gearáin

**Róil agus Freagrachtaí**
Glacfaidh gach páirtí leasmhar atá bainteach le hoideachas na ndaltaí freagracht as an bpolasaí seo a chur i bhfeidhm.

**Athbhreithniú**
Scríobhadh an polasaí seo i Mí na Nollag 2017.

Déanfar measúnú ar an bpolasaí seo ar bhonn leanúnach ag ionadaithe ón bpobal scoile uile agus déanfar athbhreithniú air dá réir mar is cuí.

**Daingniú agus Cumarsáid**
Cuirfear an polasaí seo os comhair an Bhord Bhainistíochta le daingniú ar an 31 Eanáir 2018.

**Lesley Gavin**
**Cathaoirleach na Scoile** ________________________________